Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7007/26**
**ADD 1**

**DELACT 44**
**PECHE 78**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1313 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) .../...ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1313 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1313 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2026
C(2026) 1313 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) .../...ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir**

# IARSCRÍBHINN

(1) In Iarscríbhinn VIII, Roinn I, mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an fhaisnéis sna dearbhuithe próiseála agus/nó saothraithe a rinne máistir an tsoithigh próiseála, nó ionadaí an mháistir, nó oibreoir an ghaiste, a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, a shíniú.’

(2) In Iarscríbhinn VIII, Roinn II, foroinn C, mír f, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

‘(iii) sa dá chás, an t-ordú scaoilte arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit nó an CPC lena mbaineann a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis sa dearbhú scaoilte a rinne an deontóir nó an t-oibreoir feirme a shíniú;’

(3) In Iarscríbhinn VIII, Roinn II, foroinn C, mír g, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

‘(ii) an fhaisnéis sna dearbhuithe próiseála agus saothraithe a rinne máistir an tsoithigh próiseála, nó a ionadaí, nó an t-oibreoir feirme, a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, a shíniú;’

(4) In Iarscríbhinn IX, cuirtear an mhír seo a leanas le pointe 12:

‘Tar éis do Rúnaíocht ICCAT tuarascálacha cigireachta a fháil ina léirítear sáruithe dealraitheacha, cuirfidh sí an fhaisnéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin ICCAT ar bhealach slán agus beidh rochtain theoranta uirthi. Foilseofar freisin aon fhaisnéis ina dhiaidh sin maidir le gníomhaíochtaí leantacha a dhéanfaidh an CPC brataí de réir mar a bheidh sí ar fáil don Rúnaíocht. Cuirfear an fhaisnéis i láthair i gcomhréir leis an tábla san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.’

(5) In Iarscríbhinn IX, cuirtear isteach an fhoscríbhinn seo a leanas:

**‘Faisnéis atá le soláthar maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar thorthaí na gcigireachtaí arna ndéanamh faoin Scéim maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta**

| *Uimhir na tuarascála cigireachta* | *Páirtí cigireachta CPC* | *Soitheach iascaireachta CPC* | *Dáta na cigireachta* | *An cineál soithigh/trealaimh iascaireachta* | *Torthaí na cigireachta*[1] | *Sárú deimhnithe ag CPC brataí: Deimhnithe/Neamhdheimhnithe* | *An obair leantach ar staid na* | *Beart a a rinneadh*[3] | *Nótaí*[4] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

[1] Tuairisc ar na torthaí agus léiriú ar na forálacha dlí lena mbaineann.

| | | | | | | | himea rtha[2] | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn X:

‘IARSCRÍBHINN X

ÍOSCHAIGHDEÁIN MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA FÍSTAIFEADTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE hOIBRÍOCHTAÍ AISTRITHE, OIBRÍOCHTAÍ CUR I gCAIGHEAN AGUS OIBRÍOCHTAÍ SCAOILTE

1. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas maidir leis na fístaifeadtaí uile d’oibríochtaí aistrithe, oibríochtaí cur i gcaighean agus oibríochtaí scaoilte dá dtagraítear sa Rialachán seo:

a) Ag tús nó ag deireadh gach físeáin, taispeánfar uimhir údaraithe aistrithe nó cur i gcaighean ICCAT nó ordú scaoilte ICCAT, sin agus an uimhir ar na caighin (mar a léirítear sa dearbhú aistrithe);

b) Beidh am agus dáta an fhíseáin ar thaispeáint leanúnach feadh gach fístaifeadta;

c) Beidh an fístaifeadadh leanúnach gan aon stopadh ná gearradh agus cumhdóidh sé an oibríocht aistrithe, an oibríocht cur i gcaighean nó an oibríocht scaoilte ar fad;

d) Roimh thús na hoibríochta aistrithe, na hoibríochta cur i gcaighean nó na hoibríochta scaoilte, beidh oscailt agus dúnadh an lín nó an dorais le feiceáil ar an bhfístaifeadadh, agus, i gcás oibríochtaí aistrithe agus cur i gcaighean, léireofar ann an bhfuil tuinnníní gorma sna caighin ghlactha agus deontóra cheana féin;

e) Beidh an fístaifeadadh ar cháilíocht leormhaith chun an líon tuinnníní gorma agus, i gcás inarb iomchuí, an meáchan tuinnníní gorma sin a bheidh á n-aistriú, á gcur i gcaighean nó á scaoileadh a chinneadh;

f) Coimeádfar cóip den fhístaifeadadh ar bord an tsoithigh deontóra nó, i gcás inarb iomchuí, coimeádfaidh an t-oibreoir feirme nó oibreoir an ghaiste é feadh na tréimhse iomláine a mbeidh údarú acu oibriú;

g) An gléas ríomhstórála ar a bhfuil an fístaifeadadh bunaidh, déanfar é a sholáthar láithreach do bhreathnóir réigiúnach agus/nó náisiúnta ICCAT tar éis dheireadh na hoibríochta aistrithe,

---

3 Bearta breithiúnacha nó riaracháin a rinneadh, amhail an soitheach a athródú, gabhálacha nó trealamh iascaireachta a urghabháil, údarú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, fíneálacha, etc.

4 Saorthéacs ina bhfuil aon mhionsonraí is mian leis an CPC bratAí a sholáthar. I gcás nach ndearnadh aon ghníomhaíocht, míniú mionsonraithe ar na cúiseanna nach ndearnadh aon ghníomhaíocht.

2 Faoi imscrúdú, faoi achomharc, dúnta, etc.

na hoibríochta cur i gcaighean agus/nó na hoibríochta scaoilte. Déanfaidh breathnóir réigiúnach agus/nó breathnóir náisiúnta ICCAT é a thúsú láithreach chun aon ionramháil ina dhiaidh sin a sheachaint.

2. Bunóidh gach Ballstát brataí, gach Ballstát gaiste agus gach Ballstát feirme lena mbaineann na bearta is gá chun aon athsholáthar, eagarthóireacht nó ionramháil ar na fístaifeadtaí bunaidh a sheachaint.

**Cáilíocht neamhleor an fhístaifeadta**

3. Mura bhfuil cáilíocht an fhístaifeadta sách ard chun líon agus, i gcás inarb iomchuí, an meáchan tuinníní gorma atá á n-aistriú, á gcur i gcaighean nó á scaoileadh a chinneadh, déanfar an oibríocht arís go dtí go mbeidh cáilíocht an fhíseáin leormhaith, agus na nósanna imeachta thíos á leanúint:

a) i gcás aistrithe, déanfar an oibríocht aistrithe lena mbaineann arís i gcomhréir le hAirteagal 43a (aistrithe deonacha agus rialaithe).

I gcás na n-aistrithe sin inar de thionscnamh gaiste na héisc, d'fhéadfaí na tuinníní gorma a aistríodh cheana ón ngaiste chuig an gcaighean glactha a chur ar ais chuig an ngaiste agus an t-aistriú deonach a chur ar ceal faoi mhaoirseacht bhreathnóir réigiúnach ICCAT;

b) i gcás oibríocht cur i gcaighean, déanfar an oibríocht cur i gcaighean lena mbaineann arís i gcomhréir le pointí 2 agus 3 d'Airteagal 49.

Le linn na hoibríochta nua cur i gcaighean, ní mór na tuinníní gorma uile a aistriú ó chaighean na feirme glactha chuig caighean feirme eile agus ní mór an dara caighean a bheith folamh;

c) i gcás scaoilte, déanfar leithscaradh na n-iasc atá le scaoileadh arís i gcomhréir leis an bPrótacal scaoilte atá leagtha amach in Iarscríbhinn XII.'

(7) In Iarscríbhinn XII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'7. Fíoróidh breathnóir réigiúnach ICCAT an fhaisnéis sa dearbhú scaoilte agus, i gcás inarb iomchuí, síneoidh sé é. Cuirfidh an t-oibreoir deontóra nó an t-oibreoir feirme an dearbhú scaoilte faoi bhráid a údarás laistigh de 48 n-uair an chloig ón tráth a dhéanfar an oibríocht scaoilte lena tharchur chuig Rúnaíocht ICCAT.;'

(8) In Iarscríbhinn XVb, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

**'Teimpléad le haghaidh dearbhú próiseála agus dearbhú saothraithe**

| |
|---|
| Próiseáil/Saothrú (déan ceann amháin a chiorclú) |
| Dáta an tsaothraithe(l/m/b): / / |
| Feirm/Gaiste (déan ceann amháin a chiorclú) |

| |
|---|
| Uimhir/Uimhreacha an chaighin/na gcaighean: |
| An líon iasc aonair a shaothraítear: |
| Beomheáchan ina chileagraim de thuinnínί gorma a shaothraítear: |
| Meáchan próiseáilte ina chileagraim de thuinnínί gorma a shaothraítear: |
| uimhir/uimhreacha r-DGTG a bhaineann le tuinnínί gorma a shaothraítear: |
| Mionsonraí na soithí cúnta a bhfuil baint acu leis an oibríocht:<br>Ainm:<br>Bratach:<br>Cláruimhir ICCAT: |
| Ceann scríbe tuinnínί saothraithe (onnmhairiú, margadh áitiúil, nó eile) (déan an ceann scríbe a chiorclú)<br>I gcás eile, sonraigh, le do thoil, an méid seo a leanas: |
| Fíorú agus, i gcás inarb iomchuí, síniú bhreathnóir réigiúnach ICCAT nó bhreathnóir CPC ICCAT, de réir mar is iomchuí:<br>Ainm an bhreathnóra:<br>Uimh. ICCAT:<br>Síniú: |

’